



Comhlacht Forbartha na nDeise

Gaeltacht na nDeise



- Port Láirge - Waterford



Contents/Clár ábhair...

Introduction/Réamhrá	3
An Sean Phobal / An Rinn	4
Activities - Gníomhaíochtaí	5
Shore Angling & Beaches / Tascaireacht Cladaigh agus trána	6
Watersports / Caitheamh aimsire ar uisce	6
Walks / Siúlóidí	7
Coláiste na Rinne	8
Criostal na Rinne	8
Joan Clancy Art Gallery	9
Pubs / Tábhairní	10
Shops / Siopaí	11
Restaurants / Bialanna	11
Events / Imeachtaí	12
Travel / Taisteal	14
Important Numbers / Uimhreacha Tábhachta	15

Binneas thar meon – a world apart

Sé mhíle siar ó bhaile fáilteach Dhún Garbhán agus ag féachaint amach i dtreo Chuan Dhún Garbhán agus Na Meá atá Gaeltacht na nDéise. Neadaithe faoi scáth Shléibhte áille an Chomaraigh áirítear paróiste na Rinne agus an tSean Phobail mar chuid den cheantar Gaeltachta seo. Is domhan ann féin é, lena phobal fáilteach, an radharcra, an tírdhreach, an muirdhreach agus thar aon ní eile an bheocht chultúrtha atá ann. Tá an grá atá ann don cheol Gaelach, do na hamhráin, don rince agus don teanga tógálach seo. Is féidir fonn na ndaoine an traidisiún seo a roinnt leis an gcuairteoir a fheiscint go minic i dtithe ósta fíorchaoin fáilteach an cheantair.

Six miles west of the friendly town of Dungarvan and overlooking Dungarvan Harbour and Muggort's Bay lies the small coastal Gaeltacht area of Waterford. Nestling against the backdrop of the lovely Comeragh Mountains this Gaeltacht region embraces the Parish of An Rinn (Ring) and An Sean Phobal (Old Parish). It is a world apart, in its welcoming people, its scenery, its landscapes, seascapes and above all its cultural vitality. The love of Irish music, song, dance and language is infectious. A spontaneous desire to share tradition with the visitor can erupt at any time in any of the welcoming local hostelrys.

An Sean Phobal

Áit chiúin socair is ea An Sean Phobal, paiste tuaithe lámh leis an Aird Mhór. Éiríonn an talamh go hard os cionn na farraige. Tá gleannta míne tríd síos agus trána cluthara ag a mbun go minic. Tuama meigiliteach sa Sean Phobal is ea An Chailleach Béara. Is ann dó ó 2,000 R.C. nó mar sin. Tá Teach Solais ag Mionn Ard ag tabhairt rabhaidh do loingeas ó 1851, i dtaobh na n-aillte thíos. Meabhraíonn Reilig an tSléibhe an Gorta Mór dúinn.

An Sean Phobal (Old Parish) is a quiet, undulating rural area between An Rinn and the lovely seaside village of Ardmore. Rising high above the sea, the land is interspersed with numerous quiet glens, running down to small, secluded beaches. An Chailleach Béara in An Sean Phobal is a megalithic tomb dating from around 2,000 BC. Mine Head Lighthouse, dating from 1851, warns "ships that pass in the night" of the dangerous cliffs below while Reilig an tSléibhe (The Hill Cemetery) is a reminder of famine days in Ireland.



An Rinn

Tá cosáin agus rianta agus cúilíní ar bharr aille, ar thrá, ar thalamh droimíneach agus i ngleannta glasa do shiúlóirí, lucht rothar, faireoirí éan agus a leithéidí sa Rinn. Cuir leis sin pobal fáilteach flaithiúil agus gach a chuireann le héagsúlacht na Gaeltachta agus tá ríocht an aoibhnis agat ar leac an dorais.

For Hikers or Bikers, Walkers or Bird Watchers, An Rinn (Ring) is a hideaway of cliff-top trails, unspoiled beaches, inland drumlins and leafy glens. Add to this a hospitable people, an effervescent culture, and everything that makes the Gaeltacht different is on your doorstep.





Ghníomhaíochtaí / Activities

Iascaireacht Cladaigh agus Tránna / Shore Angling and Beaches

Tá cuas beag in aice Cheann Heilbhic sa Rinn atá oiriúnach do iascaireacht ón gcarraig. Tá mór chuid tránna i nGaeltacht na nDéise, ina measc An Choinneigéar, trá Bhaile na nGall agus trá Cheann Heilbhic sa Rinn, agus trá Bhaile Mhac Airt agus Gleann Carn sa Sean Phobal.

There is a small cove near Helvick Head in Ring which is ideal for rock fishing. There are also many beaches in Gaeltacht na nDéise, including An Choinneigéar, Baile na nGall beach and Ceann Heilbhic beach in An Rinn, and Baile Mhac Airt beach and Gleann Carn in An Sean Phobal.

Caitheamh aimsire ar uisce / Watersports

Níl sárú Chuan Dhún Garbhán do bháidíní calaidh. Tá cuan slán sábháilte le grinneall gainimh ó Cheann Heilbhic agus Bhaile na Cúirte isteach, rud rí-mhaith don tosaitheoir. Tá áiteanna ann do dhaoine oilte, ina measc Aird Mhór, Heilbhic (le leapacha ancaire do chuairteoirí), Baile na nGall agus Baile na Cúirte.

Dungarvan Bay provides an ideally suited playground for dinghies of all types. The headlands of Helvick and Ballinacourty sweep gently around to enfold a safe and spectacular bay, shoaling gently to a golden sandy bottom - perfect for the beginner. For the more adventurous, local cruising areas include Ardmore, Helvick (where visitor moorings are provided), Baile na nGall and Ballinacourty.



Siulóidí / Walks

Gleann na Lice: Tá éagsúlacht i bhfaid na siulóidí seo agus taispeántar éiceolaíocht agus oidhreacht áitiúla don siúlóir atá saibhir agus éagsúil. Gabhann an oiread sin tábhacht le habhainn an ghleanna go bhfuil stádas mar Limistéar Speisialta Caomhantais bronnta ag Rialtas na hÉireann air agus de réir treorach AE 92/43/EC tá sé mar chuid de ghréasán Natura 2000. Tá samplaí iontacha sa cheantar seo de speicis agus gnáthóga go bhfuil caomhnú ar bhonn idirnáisiúnta tuillte acu. Tá foinse abhainn na Lice i Log na Giumhaisí i nGaeltacht na nDéise, Co. Phort Láirge. Síníonn sí aniar chun buaileadh leis an Abhainn Mhór sa Chlais Mhór, ag gabháil trí ghleann álainn atá saibhir i bhflóra agus i bhfána nádúrtha. Is féidir eolas sa bhreis a fháil ar www.slinalice.com

The Licky Valley: These walks vary in length and offer the walker a rich and varied exposure to local ecology and heritage. The river of this valley is of such importance that it has been designated a Special Area of Conservation (SAC) by the Irish Government and in accordance with EU Directive 92/43/EC makes up part of the Natura 2000 network. The area is an excellent example of species and habitats deemed to be worthy of conservation at an international level. The River Licky rises in Log na Giumhaisí in Gaeltacht na nDéise, Co. Waterford. It meanders west to join the Blackwater near Clashmore, carving out a beautiful valley, rich in native flora and fauna. Further information can be obtained from www.slinalice.com

Coláiste na Rinne

Tá Cúrsaí Samhraidh Choláiste na Rinne ar siúl ó 1905 go dtí inniu. Bíonn breis is 1000 scoláire gach aon samhradh sa lá atá inniu ann. Bíonn cónaí orthu sa Choláiste agus i dtithe sa Rinn. Is é aidhm an Choláiste cainteoirí Gaeilge a dhéanamh de na scoláirí a bhfuil staidéar déanta acu ar an dteanga chéanna agus caoi a thabhairt dóibh taithí a dhéanamh den chaint ó mhaidin go hoíche. Is deas linn go mbaineann scoláirí idir buachaillí agus cailíní taitneamh agus tairbhe, ó bhliain go bliain, as tréimhse a caitheamh anseo, cois farraige, i nGaeltacht na Rinne. Breis eolas (058) 46128 www.anrinn.com

Ring College has been running Irish courses each summer from 1905 to the present day. Students that have previously learnt Irish have an opportunity to be immersed in an enjoyable Irish speaking environment. Further information: (058) 46128 www.anrinn.com

Criostal na Rinne

Cuireann an Máistir Gearrthóir Gloine Éamonn Turraoin a thaithí 30 bliain, maraon lena mháistreacht theicniúil agus a oilteacht chun dearadh chun úsáide ina chruthaíocht galánta gloine.



Ex-Waterford Crystal engraver, Éamon Ó Turraoin, produces his own Criostal na Rinne (Ring Crystal) from his workshop which you can visit in Baile na nGall.

Teagmháil / Contact:

Éamonn Ó Turraoin,

Baile na nGall, An Rinn, Co. Phort Láirge.

058 46174

(9.30 AM – 4.30 PM)

Dánlann / Joan Clancy Art Gallery


Dánlann uathúil Gaeltachta is ea Dánlann Joan Clancy, agus taispeántar rogha agus togha ealaíona ó healaíontóirí nua agus sean-bhunaithe.

Joan Clancy Gallery is Co. Waterford's unique Gaeltacht Gallery, and exhibits the best in Irish painting from new and emerging and also Ireland's leading established artists.

Dánlann Joan Clancy,

Maoil a'Chóirne, An Rinn, Co. Phort Láirge

058 46205 www.joanclancygallery.com



Tábhairní / Pubs

Tá cáil ar na tábhairní mar gheall ar na seisiúin neamhfhoirmeálta ceoil, amhránaíochta agus rince a bhíonn iontu. Is fiú turas a thabhairt orthu!

The Gaeltacht's pubs are renowned for their impromptu traditional music sessions! They're well worth a visit!

Tigh Uí Mhuirthe / Murray's Pub,

Heilbhc, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46107

Tigh Uí Mhaonaigh / Mooney's Pub,

Cnocán a'Phaoraigh, An Rinn, Co. Phort Láirge
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46204

Tigh an Cheoil,

Baile na nGall, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46455

Tigh Sheáin Phóil / John Pauls,

Baile an tSléibhe, An Sean Phobal, Co. Phort Láirge
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46267

An Marine,

Pulla, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge
Ainm Teagmhála / Contact Name: Christy O'Neill
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46520

An Seanchaí,

Pulla, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46755



Siopaí / Shops

Oifig an Phoist / Post Office, Cnocán a'Phaoraigh, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46100

Siopa Spar / Spar Shop,

Baile na nGall, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46010

Bialanna / Restaurants

An Linn Bhuí,

Baile na nGall, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge.
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46854

An Seanchaí,

Pulla, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46755



Imeachtaí / Events

Daonscoil na Mumhan

Am den bhliain / Time of year: Lúnasa / August
Seoladh / Address: Coláiste na Rinne, Maoil a'Chóirne,
An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge.

Ainm Teagmhála / Contact Name: Annraoi de Paor
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (01) 2880072 /
(058) 46128

Féile na nOisrí

Am den bhliain / Time of year: Deireadh seachtaine
saoire bainc Lúnasa / August bank holiday weekend
Seoladh / Address: Tigh an Cheoil, An Rinn, Dún
Garbhán, Co. Phort Láirge.

Ainm Teagmhála / Contact Name: Seán Mac Craith
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46455

Tionól Ceoil na Rinne

Am den bhliain / Time of year: Feabhra / February
Seoladh / Address: An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort
Láirge

Ainm Teagmhála / Contact Name: Mac Dara Mac
Donnacha
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (086) 8565569

Aonach Ealaín na Rinne

Am den bhliain / Time of year: Deireadh seachtaine
saoire bainc Lúnasa / August bank holiday weekend
Seoladh / Address: An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort
Láirge.

Ainm Teagmhála / Contact Name: Bríd Ní
Chionnfhaolaidh
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (087) 7583989

Tionól an Fhómhair

Am den bhliain / Time of year: Meán Fómhair /
September

Seoladh / Address: Comhairle Contae Phort Láirge,
Oifigí Cathartha, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge.

Ainm Teagmhála / Contact Name: Máire Seosaimhín
Breathnach
Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 20884

Rás na Rinne

Am den bhliain / Time of year: Meitheamh / June
Seoladh / Address: An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge

Ainm Teagmhála / Contact Name: Gerry Cantwell

Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46292

Snámh Urraithe an RNLI

Am den bhliain / Time of year: Lúnasa / August
Seoladh / Address: Cé Heilbhic, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge

Ainm Teagmhála: Joan Clancy

Uimhir Teagmhála: (086) 813 4597

Rince ag an gCros Bhóthar

Am den bhliain / Time of year: Iúil / July

Seoladh / Address: Tigh Sheáin Póil, Baile an tSléibhe, An Sean Phobal, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge.

Ainm Teagmhála / Contact Name: Thomas Duggan

Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46267



Taisteal / Travel

Aerfort Idirnáisiúnta Chorcaí: Suíonn Gaeltacht na nDéise 80KM ó Aerfort idirnáisiúnta Chorcaí. Tá seirbhís laethúil, seacht lá na seachtaine ar fáil ann. Tá nascanna eitilte ar fáil ó mhór láithreacha sa Bhreatain agus san Eoraip.

Aerfort Réigiúnda Phort Láirge: Suíonn Gaeltacht na nDéise 55KM ó Aerfort réigiúnda Phort Láirge. Tá seirbhís laethúil, seacht lá na seachtaine ar fáil ann. Tá nascanna eitilte ar fáil ó Birmingham, Londain agus Manchain sa Bhreatain agus ó Lorient sa bhFrainc.

Má tá tú ag taisteal chuig Gaeltacht na nDéise tóg an Ng ó dheas ó Bhaile Átha Cliath, an N25 siar ó Phort Láirge agus an N25 soir ó Chorcaigh. Tá rogha leathan freisin ann de sheirbhísí busanna poiblí go baile Dhún Garbhán atá buailte leis an nGaeltacht. Bíonn seirbhís bus ó Dhún Garbhán go Gaeltacht na nDéise i mí Iúil agus Lúnasa. Is féidir am chlár na mbusanna a fháil ar suímh Bhus Éireann www.buseireann.ie. Bíonn thacsaithe príobháideacha ar fáil idir bhaile Dhún Garbhán agus Gaeltacht na nDéise.

Cork International Airport: Gaeltacht na nDéise lies 80KM from Cork International Airport. Several carriers operate a daily service to Cork airport, seven days a week. Also available are interlining connections from major UK and European destinations.

Waterford regional airport: Gaeltacht na nDéise lies 55KM from Waterford Regional airport. Several carriers operate a daily service to Waterford airport, seven days a week. Also available are interlinking connections from Birmingham, Manchester and London-Luton in the UK and Lorient in France.

When traveling to Gaeltacht na nDéise take the Ng south from Dublin, the N25 west from Waterford, and the N25 east from Cork. There are also a wide range of public bus services to Dungarvan town which is on the edge of the Gaeltacht area. Bus Éireann operates a daily bus service to Gaeltacht na nDéise during the

months of July and August. Bus timetables may be obtained from www.buseireann.ie. Private taxi services are also available between Dungarvan and Gaeltacht na nDéise.

Uimhreacha Tábhachta / Important Numbers

Dungarvan Tourist Office,

The Courthouse Building,

Dungarvan,

County Waterford.

Ríomhphost / E-mail: info@dungarvantourism.com

Guthán / Telephone: +353 58 41741

Stáisiún na nGardaí / Garda Station,

Seoladh / Address: Maoil a'Chóirne, An Rinn, Dún Garbhán, Co Phort Láirge.

Ainm Teagmhála / Contact Name: Declan Walsh

Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46111

An RNLI

Seoladh / Address: Ceann Heilbhic, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge

Uimhir Teagmhála na hOifige / Office Contact Number: 46511


Uimhir Éigeandála / Emergency Number: 999 nó / or 112

An Dochtúir / Doctor, Ionad Sláinte, Halla Pobail na Rinne, Maoil a'Chóirne, An Rinn

Ainm Teagmhála / Contact Name: An Dochtúir Ó Dalaigh

Uimhir Teagmhála / Contact Number: (058) 46116





Comhlacht Forbartha na nDeise

eolas@deise.ie
Urraithe ag Údarás na Gaeltachta